



Clár Oibre

2026 – 2028

CLÁR ÁBHAIR

1	STRAITÉIS AR LEATHANACH	3
2	RÉAMHRÁ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH	4
3	MAIDIR LE ÚMICÉ	6
4	ÁR BHFÍS, ÁR MISEAN AGUS ÁR LUACHANNA	8
5	SNÁITHEANNA AGUS STRAITÉISÍ	9
	SNÁITHE 1: RIALÁIL ÉIFEACHTACH A SHEACHADADH	10
	SNÁITHE 2: ARDCHAIGHDEÁIN A CHUR CHUN CINN	11
	SNÁITHE 3: CUMAS EAGRAÍOCHTÚIL A FHEABHSÚ	12
6	CUMASÓIRÍ	13
7	ACMHAINNÍ	15

Séanadh: Cé gur rinneadh gach iarracht chun cruinneas na faisnéise atá sa doiciméad seo a chinntiú, ní ghlacann ÚMICÉ aon fhreagracht ná dliteanas, is cuma cén chaoi a n-eascraíonn sé as aon earráidí, míchruinneas nó neamhghníomhartha a tharlaíonn. Forchoimeádann ÚMICÉ an ceart gníomh a dhéanamh, nó staonadh ó ghníomh a dhéanamh, a d'fhéadfadh a bheith nó nach bhféadfadh a bheith i gcomhréir leis an doiciméad seo.



STRAITÉIS AR LEATHANACH

CREAT STRAITÉISEACH

Fís: Iontaoibh agus muinín an phobail as iniúcháireacht agus cuntasaíocht ardchaighdeán

Misean: Ag seasamh le tuairisciú corparáideach ar ardchaighdeán agus gairm chuntasach

RIALÚ ÉIFEACHTACH A SHEACHADADH

Maoirseacht a dhéanamh ar chomhlachtaí cuntasaíochta forordaithe agus aitheanta
Tuarascálacha corparáideacha a scrúdú
Iniúchadh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iniúchta agus dearbhaithe
Neamhchomhlíonadh a imscrúdú agus a fhorfheidhmiú

ARDCHAIGHDEÁIN A CHUR CHUN CINN

Caighdeáin iniúcháireachta agus dearbhaithe a ghlacadh
Dea-chleachtas a chur chun cinn
Comhoibriú lenár líonra rialála
Teagmháil réamhghníomhach a dhéanamh le páirtithe leasmhara

CUMAS EAGRAÍOCHTÚIL A FHEABHSÚ

Gastacht meabhrach agus athléimneacht an lucht saothair a neartú
Córais stóinseacha airgeadais agus bain-istíochta riosca a choinneáil
Leanúint ar aghaidh ag cur lenár bpróisis
Dul i ngleic le hathruithe dlíthiúla, margaidh agus teicneolaíochta agus oiriúnú dóibh

CUMASÓIRÍ

Daoine Piaráí Páirtithe Leasmhara Acmhainní Airgeadais Rialtas Teicneolaíocht

ÁR LUACHANNA:

BARR FEABHAIS

NEAMHSPLEÁCHAS

IONRACAS



RÉAMHRÁ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Is cúis áthais dom clár oibre Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (ÚMICÉ) do 2026 go 2028 a chur i láthair. Sa doiciméad seo tugtar breac-chuntas ar ár dtreoir straitéiseach do na blianta amach romhainn agus muid ag leanúint ar aghaidh ag comhlíonadh ár sainordú reachtúil faoi Acht na gCuideachtaí 2014.

Faoi alt 910 d'Acht na gCuideachtaí 2014, ceanglaítear ar ÚMICÉ an clár oibre seo a ullmhú, ina gcuirtear síos ar conas a úsáidfimid ár n-acmhainní go héifeachtúil agus go héifeachtach, agus ina mínítear na príomhstraitéisí, na gníomhaíochtaí agus na haschuir a spreagfaidh ár ndul chun cinn. Forbraíodh an dréachtchlár oibre seo i gcomhairle le Bord ÚMICÉ, ina gcuimsítear léargais ó fhostaithe ÚMICÉ agus ón bhfoireann cheannaireachta, agus aiseolas a fuarthas tríd an gcomhairliúchán poiblí is déanaí.

Ár bhFís agus ár Misean

Tá ár bhfís maidir le hiontaoibh agus muinín an phobail in iniúchóireacht agus cuntasaíocht ardchaighdeán, mar aon lenár misean chun seasamh le tuairisciú corparáideach ardchaighdeán agus gairm chuntasach, fós i gcroílár ár straitéise. Treoraíonn ár luachanna barr feabhais, neamhspleáchais agus ionracais gach gné dár gcuid oibre, ag múnlu ár gcinntí agus ár n-idirghníomhaíochtaí ó lá go lá.

Comhthéacs comhshaoil

Tá an straitéis seo arna múnlu ag tréimhse athraithe agus castachta d'earnáil na hiniúchóireachta agus na cuntasaíochta, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Le bliain anuas, d'oibrigh ÚMICÉ laistigh de thimpeallacht atá suntasach ó chur chun feidhme na Treorach

um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí. Is mór an t-athrú é cinneadh an Choimisiúin Eorpaigh athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí, rud a thugann éiginnteacht isteach d'eintitis rialáilte agus do rialtóirí araon. Ag an am céanna le rialáil atá ag teacht chun cinn, tá athruithe ag teacht ar an ngairm i struchtúir dhaingne agus i múnlaí gnó, rud a léiríonn forbairtí margaídh níos leithne. Leanfaidh ÚMICÉ ag obair go dlúth leis an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, le piaraí an Aontais Eorpaigh agus le páirtithe leasmhara na hÉireann chun na hathruithe sin a nascleanúint, ag áirithiú go bhfanfaidh ár gcur chuige rialála láidir agus inoiriúnaithe do riachtanais agus castachtaí na hearnála atá ag teacht chun cinn.

Ina theannta sin, beidh impleachtaí ag athruithe atá le teacht ar reachtaíocht frithsciúrtha airgid agus ar an athbhreithniú ionchasach ar reachtaíocht iniúchóireachta reachtúla an Aontais Eorpaigh don ghairm. In éineacht le forbairtí rialála, tá nuálaíocht theicneolaíoch – go háirithe san intleacht shaorga – ag teacht chun cinn go tapa mar phríomhthionchar ar an earnáil. Tá tionchar ag an intleacht shaorga ghiniúnach agus ag teicneolaíochtaí gaolmhara ar phróisis tuairiscithe chorparáidigh agus iniúchóireachta cheana féin. Cé go gcuirtear deiseanna ar fáil leis na huirlisí sin maidir le héifeachtúlacht agus

léargas feabhsaithe, tá rioscaí agus dúshláin rialála nua ag baint leo freisin. Tá ÚMICÉ ag plé go réamhghníomhach leis na forbairtí sin chun a áirithiú, de réir mar a thagann teicneolaíochtaí nua chun cinn, go leanaimid orainn ag seasamh le caighdeáin láidre agus ag déanamh muinín an phobail a chothabháil.

Fócas straitéiseach

Ag tógáil ar ár gcur chuige seanbhunaithe, tá an clár oibre seo struchtúrtha timpeall ar thrí phríomhshnáithe:

1. Rialú Éifeachtach a Sheachadadh
2. Ardchaighdeáin a chur chun cinn
3. Cumas Eagraíochtúil a Fheabhsú

Tá an tríú snáithe nua, rud a léiríonn an gá atá le gastacht meabhrach agus le smaointeoireacht chun cinn i dtírdhreach atá ag athrú go tapa. Áirithítear leis go bhfuil ÚMICÉ fós feistithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn agus leas a bhaint as deiseanna nua. Agus athbhreithniú á dhéanamh ar chlár oibre ÚMICÉ roimhe seo agus ar na héagsúlachtaí ar anailís chomhshaoil a rinneadh do gach ceann acu, is léir go ndéantar aon iarracht chun tuar a dhéanamh ar an ualach oibre agus tosaíochtaí féideartha amach anseo a chomhchuísiú ar bhealach atá difriúil ón mbonn i ndáiríre. Bíodh sé ina oibleagáid caighdeáin náisiúnta iniúchóireachta agus eiticiúla a eisiúint, tá imeacht na Ríochta Aontaithe ón AE, COVID, agus le déanaí na leasuithe suntasacha i reachtaíocht na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, le gach ceann acu sin ní mór do ÚMICÉ tuiscint a fháil ar thimpeallacht nua, clár oibre fleisc-ama, acmhainní a shannadh nó a athshannadh, agus scileanna nua a fhorbairt, Dá réir sin, sa chlár oibre seo leagtar an bhéim

cheart ar ÚMICÉ chun a bheith in ann freagairt do na nithe anaithnide sin.

Is chun muid féin a chumasú atá sé bonn a chur faoi na snáitheanna straitéiseacha sin – na hacmhainní bunúsacha a chumasaíonn cur i bhfeidhm éifeachtach ár straitéisí. Is iad seo ár ndaoine, ár gcomhghleacaithe, ár bpáirtithe leasmhara, ár n-acmhainní airgeadais, ár rialtas agus ár dteicneolaíocht.

Oibriú agus cur chun feidhme


Cuirimid an clár oibre trí bliana seo i bhfeidhm trí phleananna gnó bliantúla, gach ceann acu ina leagtar amach torthaí sonracha, intomhaiste agus indéanta. Déantar crostagairt don chlár oibre sna pleananna sin, go háirithe chun a áirithiú go léirítear i gceart na haschuir straitéiseacha a shainaithnítear sa chlár seo in aschuir oibríochtúla gach plean bliantúil.

A luaithe a fhaomhtar gach plean gnó bliantúil, forbraíonn baill foirne aonair a bpleananna socraithe spriocanna féin atá ailínithe le straitéisí eagraíochtúla. Áirithítear leis sin cuntasacht shoiléir agus an cuspóir comhaontaithe ar fud ÚMICÉ.

Táim muiníneach, faoi threoir an chlár oibre seo agus ár luachanna comhroinnte, go leanfaidh ÚMICÉ ag seachadadh a mhisin ar mhaithe leis an bpobal, leis an ngairm, agus leis an ngeilleagar i gcoitinne.

Kevin Prendergast

Príomhfheidhmeannach
Samhain 2025



3

MAIDIR LE ÚMICÉ



Is é ÚMICÉ an comhlacht reachtúil atá freagrach as **maoirseacht a dhéanamh ar ghairm na cuntasaíochta agus na hiniúcháireachta in Éirinn**. Tá 37 fostaithe ann, agus iad eagraithe i seacht bhfoireann a dhéanann gníomhaíochtaí rialála agus feidhmeanna tacaíochta. Leagtar amach cairt na heagraíochta i gCuid 7.



Maoínítear ÚMICÉ trí mheascán de dheontais rialtais agus de thobhaigh reachtúla ar chomhlachtaí gairmiúla agus ar ghnólachtaí iniúcháireachta. Ní mór don Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta cláir chaiteachais bhliantúla ÚMICÉ a fhaomhadh. Sa bhliain 2024, bhí caiteachas iomlán de €5.4 milliún aige.



Tá ÚMICÉ á rialú ag bord ar a bhfuil naonúr comhaltaí. Ceapann an tAire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta ochtar stiúrthóirí, bunaithe ar ainmniúcháin ó phríomhpháirtithe leasmhara ar nós comhlachtaí cuntasaíochta agus rialtóirí. Déanann an bord maoirseacht ar an eagraíocht, agus láimhseálann an Príomhfheidhmeannach an bhainistíocht ó lá go lá. Tá tuilleadh sonraí faoi [bhord stiúrthóirí](#), ÚMICÉ, lena n-áirítear beathaisnéisí ball, ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚMICÉ.



Mar chomhlacht poiblí neamhspleách, feidhmíonn ÚMICÉ go neamhspleách ó threoir an rialtais ina chuid oibre rialála. Coinníonn sé cuntasacht trí struchtúir rialachais fhoirmiúla, caighdeáin rialachais phoiblí, agus tuairisciú poiblí rialta.

ÁR gCUID FEIDHMEANNA REACTÚLA



CAIGHDEÁIN

Glacann ÚMICÉ caighdeáin maidir le hiniúcháireacht, eitic, rialú cáilíochta, agus dearbhú inbhuanaitheachta d'iniúcháirí reachtúla.



MAOIRSEACHT AR CHOMHLACHT GAIRMIÚIL

Déanann ÚMICÉ maoirseacht ar an gcaoi a rialaíonn agus a ndéanann na comhlachtaí cuntasaíochta forordaithe faireachán ar a gcomhaltaí. Déanann ÚMICÉ maoirseacht freisin ar an gcaoi a ndéanann na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta maoirseacht ar iniúcháirí reachtúla agus ar sholáthraithe seirbhíse dearbhaithe inbhuanaitheachta.



MAOIRSEACHT AR THUAIRISCIÚ CORPARÁIDEACH

Déanann ÚMICÉ maoirseacht ar chomhlíonadh eintiteas liostaithe áirithe maidir le caighdeáin tuairiscithe chorparáideacha agus ceanglais dhlíthiúla an Aontais Eorpaigh ina dtuarascálacha corparáideacha.



MAOIRSEACHT AR CHÁILÍOCHT DEARBHAITHE

Déanann ÚMICÉ iniúchadh ar cháilíocht iniúchta agus ar obair um dhearbhu inbhuanaitheachta a dhéanann iniúcháirí agus soláthraithe seirbhísí um dhearbhu inbhuanaitheachta ar eintitis leasa phoiblí.



FORFHEIDHMIÚ

Déanann ÚMICÉ imscrúduithe ar neamhrialtachtaí amhrasta i stiúradh iniúchtaí ar eintitis leasa phoiblí, chomh maith le fiosrúcháin ar sháruithe ar nósanna imeachta ag comhlachtaí cuntasaíochta forordaithe.

MAIDIR LEO SIÚD A RIALAÍMID

1,083

ghnólacht iniúcháireachta reachtúla faofa le hiniúchadh a dhéanamh in Éirinn.

5 chomhlacht cuntasaíochta forordaithe, lena n-áirítear **2** cheann ar comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta iad freisin. Tá **45,896** chomhalta de chomhlachtaí cuntasaíochta forordaithe ann in Éirinn.

79 n-eisitheoirí, ina bhfuil **18** eisitheoirí cothromais, **5** eisitheoirí ciste iata, agus **56** eisitheoirí fiachais.

8 ngnólacht iniúcháireachta ar eintitis leasa phoiblí, a dhéanann iniúchadh ar **502** eintiteas leasa phoiblí.

D'fhéadfadh aon iniúcháir, gnólacht iniúcháireachta, nó comhlacht cuntasaíochta forordaithe a rialaímid a bheith faoi réir a **fhorfheidhmithe**, ag brath ar thorthaí cigireachta nó ar ghearáin.

Foilsítear tuilleadh faisnéise fúthu siúd a rialaímid go bliantúil i [dtuarascálacha bliantúla ÚMICÉ](#), atá ar fáil ar [shuíomh gréasáin ÚMICÉ](#).

4

ÁR bhFÍS



Iontaoibh agus muinín an phobail as iniúchóireacht agus cuntasáíocht ardchaighdeáin

ÁR MISEAN



Ag seasamh le tuairisciú corparáideach ar ardchaighdeán agus gairm chuntasach

ÁR LUACHANNA



BARR FEABHAIS

Ag iarraidh chomh maith is féidir linn a bheith



NEAMHSPLEÁCHAS

Rialáil go neamhchlaonta agus go hoibiachtúil




IONRACAS


A bheith iontaofa agus measúil



SNÁITHEANNA AGUS STRAITÉISÍ




SNÁITHE 1: RIALÚ ÉIFEACHTACH A SHEACHADADH



SNÁITHE 2: CAIGHDEÁIN ARDA A CHUR CHUN CINN



SNÁITHE 3: CUMAS EAGRAÍOCHTÚIL A FHEABHSÚ



6

CUMASÓIRÍ

Braitheann seachadadh rathúil ár gcláir oibre ar bhunús láidir daoine agus acmhainní a thugann cumhacht dúinn ár sainordú a chomhlíonadh. Soláthraíonn na cumasóirí sin – ár lucht saothair cumasach, ár n-acmhainní inbhuanaithe, ár gcaidrimh chomhoibritheacha agus ár dteicneolaíocht nua-aimseartha – an cumas agus an acmhainn atá riachtanach chun ár bhfreagrachtaí a chomhlíonadh agus oiriúnú do thimpeallacht dhinimiciúil.



DAOINE

Fostaithe

Tá saineolas agus rannpháirtíocht ár lucht saothair mar bhunús dár gcuid oibre agus spreagann sé muid chun feabhais a bhaint amach. Déanaimid infheistíocht in oideachas gairmiúil leanúnach agus cuirimid deiseanna forbartha chun cinn, lena n-áirítear rannpháirtíocht i ngrúpaí idirnáisiúnta. Glacaimid beartais fhorásacha maidir le hacmhainní daonna a thacaíonn le nasc agus le rannpháirtíocht i dtimpeallacht oibre chumaisc, agus cothaímid cultúr bunaithe ar luachanna agus atá bunaithe ar chuspóir a sheachadann folláine ardfeidhmíochta agus fostaithe araon.

Piaraí

Tá comhoibriú idirnáisiúnta ríthábhachtach chun cáilíocht iniúchóireachta a fheabhsú. Glacaimid páirt i bpríomhfhoraim Eorpacha, lena n-áirítear coistí CCEFI (Coiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta) agus ESMA (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí). Mar chomhalta boird IFIAR (Fóram Idirnáisiúnta Rialtóirí Iniúchóireachta Neamhspleácha), cuirimid le tionscnaimh cháilíochta iniúchóireachta domhanda. I bhfianaise an chomhbhoinn do chaighdeán chuntasaíochta agus iniúchóireachta, coinnímid dlúthchaidreamh oibre le Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais na Ríochta Aontaithe. Leis an gcomhoibriú sin neartaítear ár gcur chuige rialála agus tacaítear leis an gcreat rialála idirnáisiúnta níos leithne.

Páirtithe Leasmhara

Tá pobail ár bpáirtithe leasmhara éagsúla ríthábhachtach dár n-éifeachtacht rialála. Cuimsítear ann gnólachtaí rialáilte, comhlachtaí cuntasaíochta, úsáideoirí faisnéise airgeadais, agus an pobal i gcoitinne. Bímid i dteagmháil go fiúntach trí chruinnithe rialta, trí chomhairliúcháin phoiblí ar thograí beartais, agus trí thuairisciú trédhearcach ar ár ngníomhaíochtaí. Áirithítear leis an rannpháirtíocht sin go bhfanann ár gcuid oibre freagrúil do riachtanais na bpáirtithe leasmhara agus ag an am céanna ag déanamh muinín an phobail agus dlisteanacht rialála a choinneáil.

CUMASÓIRÍ



ACMHAINNÍ

Airgeadais

Tá cistiú inbhuanaithe ríthábhachtach dár neamhspleáchas rialála, ag comhcheangal deontais Státchiste agus tobhaigh tionscail. Coinnímid cuntasacht airgeadais trí chláir chaiteachais bhliantúla agus dianrialuithe airgeadais arna bhfaomhadh ag an aire. Áirítear leis sin ullmhú ráiteas airgeadais bliantúil arna n-iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus costais na n-imscrúduithe agus na bpionós ó pháirtithe ábhartha a aisghabháil.

Rialtas

Tá tacaíocht an Rialtais ríthábhachtach dár n-éifeachtacht rialála, ag soláthar an chreata reachtaíochta agus na tacaíochta institiúide atá riachtanach dár sainordú. Coinnímid dea-chaidreamh leis an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta trí chomhaontú foirmiúil maoirseachta agus trí rannpháirtíocht rialta. Áirítear leis sincomhoibriú reachtach agus comhairle beartais, agus ag an am céanna ag déanamh ár neamhspleáchas oibríochta a chaomhnú agus ag déanamh ár n-oibleagáidí cuntasachta mar chomhlacht reachtúil a chomhlíonadh.

An Teicneolaíocht

Tá bonneagar digiteach bunúsach dár n-éifeachtacht maidir le maoirseacht a dhéanamh ar láthair oibre agus ar thírdhreach iniúchóireachta atá ag síorathrú. Coinnímid córais stóinseacha TFC agus coinnímid saineolas teicniúil speisialaithe. Áirithímid cian-nascacht shlán, déanaimid measúnú ar leochaileachtaí líonra trí ghnáthchothabháil agus trí thástáil rialta tríú páirtí, cuirimid prótacail chuimsitheacha maidir le cosaint sonraí agus aisghabháil ó thubaistí i bhfeidhm, agus cuirimid feabhas leanúnach ar ár láithreachtaí dhigiteach chun maoirseacht rialála éifeachtúil, nua-aimseartha a sholáthar. Déanaimid faireachán ar fhorbairtí ar nós IS lena áirithiú go bhfuil an úsáid is fearr á baint againn as an teicneolaíocht.



ACMHAINNÍ - FOIRNE AGUS AIRGEADAIS

Acmhainní Foirne

Ní mór don Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta riachtanais foirne — lena n-áirítear líon, gráid agus téarmaí fostaíochta — a fhaomhadh, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe agus Digitithe na Seirbhíse Poiblí.


Tá líon de 42.5 fostaí ceadaithe ag ÚMICÉ mar a leagtar amach sa tábla thíos. Tá comhlánú foirne de 35.9 ag ÚMICÉ faoi láthair, atá struchtúrtha ina bhfoirne mar a thaispeántar i gcairt na heagraíochta ar an taobh deas. Tá ÚMICÉ muiníneach gur féidir leis na haschuir a leagtar amach sa chlár oibre seo a bhaint amach laistigh den líon fostaíthe atá ceadaithe.

Grád	Ceadaithe
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	1
Ceannasaithe Feidhme	3
Bainisteoirí Sinsearacha	6
Cigirí Iniúcháireachta agus Bainisteoirí Tionscadail	16
Feidhmeannach agus Riarachán	16.5
Iomlán	42.5

Acmhainní Airgeadais

Tá ÚMICÉ cistithe ag an Stáitchiste agus trí thobhaigh ar na comhlachtaí cuntasaíochta forordaithe agus ar ghnólachtaí iniúchta eintiteas ar leas an phobail. Gach bliain, cuireann ÚMICÉ clár caiteachais faoi bhráid an Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta lena fhaomhadh. Cuirfear gach clár caiteachais do 2026, 2027, agus 2028 faoi bhráid an Aire lena mbreithniú mar chuid de phróiseas meastachán bliantúil an Rialtais. Sula gceadaíonn sé an clár caiteachais, téann an tAire i gcomhairle leis na comhlachtaí cuntasaíochta forordaithe agus faigheann sé toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe agus Digitithe. Ba é €7.1 milliún a bhí i gclár faofa caiteachais ÚMICÉ do 2025. Bunaithe ar na straitéisí agus na haschuir a leagtar amach sa chlár oibre seo, tá ÚMICÉ ag súil le leibhéal comhsheasmhach caiteachais ó 2026-2028. Mar sin féin, i bhfianaise nádúr athraitheach na timpeallachta rialála, tá an réamh-mheastachán sin táscach seachas cinntitheach.

ACMHAINNÍ - CAIRT NA HEAGRAÍOCHTA





Údarás Maoirseachta Iniúchta & Cuntasaíochta na hÉireann
Teach Saileach, Páirc na Mílaoise, Nás na Ríogh, Co Chill Dara, W91 C6KT

Fón: +353 (0) 45 983 600 **Ríomhphost:** info@iaasa.ie

